**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha*

**2023/0264(BUD)**

20.9.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

chuig an gCoiste um Buiséid

ar dhréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024
(2023/0264(BUD))

Rapóirtéir don tuairim: Carina Ohlsson

PA_NonLeg

# MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um Buiséid, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí go méadaíonn an éagobhsaíocht atá ag dul i méid agus an méadú atá ag teacht ar dhúshláin i ngarchomharsanacht an Aontais agus sa timpeallacht idirnáisiúnta nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo na héilimh ar an Aontas gníomhú le buiséad atá oiriúnach don fheidhm;

B. de bhrí nach mór don Aontas leanúint den tacaíocht don Úcráin a neartú ina streachailt féinchosanta i gcoinne chogadh foghach na Rúise, lena n-áirítear trí thacaíocht mhíleata, agus freagairt do riachtanais phráinneacha dhomhanda eile de réir mar a fhorbraíonn siad;

C. de bhrí gur mhol an Coimisiún Eorpach ionstraim nua 'Saoráid na hÚcráine', arb é is aidhm di a bheith suas le EUR 50 billiún don tréimhse ó 2024 go 2027;

D. de bhrí gur eisigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa tuarascáil speisialta 14/2023 maidir le 'Clársceidealú na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta — An Eoraip Dhomhanda: cláir chuimsitheacha ach go bhfuil easnaimh sna modhanna chun cistí a leithdháileadh agus san fhaireachán ar an tionchar';

1. á chur in iúl gur geal léi gur thíolaic an Coimisiún togra buiséid a chomhfhreagraíonn d'uasteorainn CAI EUR 15 830 milliún i gCeannteideal 6 lena gcuirtear béim ar na riachtanais ollmhóra i leith an chaiteachais ar ghníomhaíochtaí seachtracha; á mheabhrú gur mheas an Pharlaimint ón tús nach leordhóthanach uasteorainn CAI i gCeannteideal 6 i bhfianaise na riachtanas geopholaitiúil;

2. á chreidiúint go láidir go bhfuil gá le hathbhreithniú ar CAI chun buiséad an Aontais a chur in oiriúint dá fheidhm chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda; á thabhairt chun suntais go bhfuil cistiú leordhóthanach ríthábhachtach d'inchreidteacht AE mar ghníomhaí níos láidre, níos teanntásaí agus níos straitéisí ar an leibhéal domhanda; á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, an togra ón gCoimisiún le haghaidh athbhreithniú a tíolacadh an 20 Meitheamh, á chreidiúint, áfach, go mbeadh gá le méadú níos láidre fós ar Cheannteideal 6 chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla sa chomharsanacht agus níos faide i gcéin; á chreidiúint go láidir go bhfuil cistiú le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha ríthábhachtach do chobhsaíocht agus do shlándáil AE le linn fhogha na Rúise san Úcráin agus tionchar urchóideach sa chomharsanacht agus níos faide i gcéin, agus dá bhrí sin, tá sí den tuairim go bhfuil sé ríthábhachtach go gcoinneoidh AE an láithreacht atá aige faoi láthair mar chumhacht chobhsaíochta; á iarraidh ar an gComhairle teacht ar chomhaontú maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar CAI roimh dheireadh na bliana ionas go mbeidh tionchar aige ar bhuiséad 2024; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, miondealú mionsonraithe in aghaidh na líne buiséid a thíolacadh a luaithe is féidir maidir leis na méaduithe EUR 2 331 mhilliún (i bpraghsanna 2018) atá molta do 2024 ionas go mbeidh an t-údarás buiséadach in ann lánúsáid a bhaint as na cistí breise faoi Cheannteideal 6;

3. ag tabhairt dá haire go bhfuil formhór an chaiteachais ar ghníomhaíochtaí seachtracha

comhchruinnithe faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - an Eoraip Dhomhanda (ICFCI/an Eoraip Dhomhanda) agus faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III), a bhfuil leithdháiltí buiséid imfhálaithe aige in aghaidh an réigiúin gheografaigh, lena soláthraítear solúbthacht, ach mar gheall ar an mbrú nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe sin, gur léir go bhfuil géarghá le tionscnaimh agus tograí nua a chur ar aghaidh, á iarraidh go mbeidh méaduithe spriocdhírithe ann go háirithe i réigiúin atá i ngéarchéimeanna ina bhfuil na riachtanais is práinní;

4. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé an maoiniú a mhéadú le haghaidh baill foirne bhreise bhuana chun an comhrac i gcoinne na trasnaíochta mailísí agus na bréagaisnéise a chur san áireamh agus a chuíchóiriú agus chun struchtúr institiúideach éifeachtach a bhunú laistigh den Aontas amhail chun na struchtúir sin a sainaithníodh i dtuarascáil INGE a chur chun feidhme, lena n-áirítear foireann thiomnaithe Strat Com Far East de chuid SEGS, tascfhórsa de chuid an Choimisiúin agus Lárionad Eorpach um Bagairtí Trasnaíochta agus um Shláine Faisnéise;

5. á aithint gur gá fós tacaíocht airgeadais an Aontais do UNRWA a mhéadú in 2024, mar gheall ar staid airgeadais chriticiúil na gníomhaireachta, rud a chuireann a cumas a ról tábhachtach a chomhlíonadh go héifeachtach i mbaol; á athdhearbhú a thábhachtaí atá sé cúnamh a chur ar fáil do UNRWA mar chuid lárnach de straitéis AE chun an tslándáil, an chobhsaíocht agus an fhorbairt a chur chun cinn sa Mheánoirthear; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí tacaíocht airgeadais AE do UNRWA a mhéadú le EUR 60 milliún in 2024 chun a áirithiú go leanfar de sheirbhísí ríthábhachtacha a chur ar fáil do na milliúin dídeanaí Palaistíneacha;

6. ag tabhairt dá haire gur gá creat neartaithe faireacháin agus frithéillithe a bheith ag gabháil le méaduithe ar chaiteachas ar ghníomhaíochtaí seachtracha; á iarraidh ar an gCoimisiún, tar éis moltaí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, caiteachas ar ghníomhaíochtaí seachtracha a dhéanamh níos caighdeánaithe, níos inchomparáide agus níos trédhearcaí; á chreidiúint gur bealach maith é cumhachtaí a thabhairt don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) chun faireachán a dhéanamh ar chaiteachas ar ghníomhaíochtaí seachtracha chun a áirithiú go gcaithfear cistí go cuí agus go rannchuideoidh cistí le spriocanna seachtracha AE;

7. ag leanúint de lánpháirtiú na mBalcán Thiar agus dul chun cinn an athchóirithe sa tír sin, go háirithe i réimse an smachta reachta, an daonlathais agus na saoirsí bunúsacha, a bhreithniú mar thosaíocht gheopholaitiúil, go háirithe i gcomhthéacs fhogha gan chúis na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ar fogha é a bhí go mór ar fud an réigiúin, ach ag áitiú na gceanglas coinníollachta maidir leis an smacht reachta do gach euro a gealladh i mbuiséad 2024; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, peirspictíocht aontachais na hÚcráine agus na Moldóive, á áitiú, áfach, go bhfuil gá le cistiú breise chun tacú leis an dá thír ar a mbealach i dtreo an aontachais; á iarraidh go neartófaí an choinníollacht maidir leis an smacht reachta sna sruthanna cistiúcháin uile atá nasctha le nósanna imeachta aontachais, go háirithe sna Balcáin Thiar; á iarraidh go ndéanfaí faireachán agus tuairisciú treisithe maidir le hathchóirithe ar an smacht reachta; á iarraidh, thairis sin, go dtabharfaí tacaíocht leanúnach d'fhórsaí daonlathacha na Bealarúise, tacaíocht mhéadaithe do shochaí shibhialta na Seoirsia agus do na meáin neamhspleácha, agus gníomhaíochtaí cothaithe síochána idir sochaithe na hAirméine agus na hAsarbaiseáine;

8. ag cur béim ar an ngá atá le comhleanúnachas, cuntasacht agus éifeachtúlacht maidir le gníomhaíocht sheachtrach AE a mhaoiniú; á iarraidh go méadófar trédhearcacht agus grinnscrúdú daonlathach ar chistiú EFInna trí stiúradh straitéiseach ag Parlaimint na hEorpa agus trí idirphlé geopholaitiúil feabhsaithe idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún;

9. á mheabhrú go ndéantar foráil in Ionstraim AE um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) do choinníollacht láidir agus nach mór cistiú a mhodhnú nó a chur ar fionraí fiú i gcás ina mbíonn cúlchéimniú suntasach nó easpa leanúnach dul chun cinn ann maidir leis an smacht reachta agus cearta bunúsacha; ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún arís eile treoirlínte a fhorbairt maidir le cur i bhfeidhm na coinníollachta; á chur i bhfáth gur gá tosaíocht a thabhairt d’ailíniú na dtíortha aontachais le comhbheartas eachtrach agus slándála AE agus breithniú a dhéanamh ar aon chistiú i bhfianaise an méid sin, chun a áirithiú go mbeidh caiteachas uile AE i gcomhréir go hiomlán le spriocanna agus leasanna straitéiseacha AE;

10. á iarraidh ar an gCoimisiún clár cónaithe oiliúna buan a chruthú maidir le gníomhaíocht sheachtrach AE agus maidir le CBES do thaidhleoirí sóisearacha ó thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas, ar cheart dó leas a bhaint as an taithí agus as na ceachtanna a foghlaimíodh ón treoirthionscadal maidir leis an Acadamh Eorpach Taidhleoireachta agus sineirgíocht a dhéanamh go hiomlán le struchtúr buan an Acadaimh thuasluaite; á chur i bhfáth, sa chiall sin, gur cheart go gcothódh an clár thuasluaite nasc le SEGS, leis an gCoimisiún Eorpach, leis an gComhairle agus le Parlaimint na hEorpa;

11. á chur i bhfáth gur gá leithdháiltí don tsoghluaisteacht mhíleata a mhéadú i mbuiséad 2024 agus le linn athbhreithniú CAI. Léiríonn cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine gur gá an buiséad do thionscadail soghluaisteachta míleata a mhéadú, rud a chuirfeadh feabhas ar luas na freagartha míleata i gcás ionsaithe, agus a chuideoidh freisin le riachtanais bonneagair shibhialtaigh, lena n-áirítear iompar d’iarnród ghrán na hÚcráine chuig calafoirt Bhallstáit AE;

12. á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht níos fearr do na meáin neamhspleácha atá ag comhrac i gcoinne bhréagaisnéis agus bholscaireacht na Rúise, go háirithe na meáin i dteangacha náisiúnta thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, meáin na Rúise laistigh agus lasmuigh den Rúis, chomh maith leis na meáin sna Balcáin Thiar agus i dtíortha na hAfraice ina bhfuil Grúpa Wagner gníomhach;

13. á athdhearbhú gur cheart leibhéal leormhaith cistithe a choinneáil do Chomharsanacht an Deiscirt in 2024; á chur in iúl gurb oth léi, dá bhrí sin, laghdú EUR 100 milliún i gcomparáid le 2023;

14. á chur in iúl gur geal léi go bhfuiltear ag leanúint den chistiú le haghaidh cabhair dhaonnúil agus tacaíocht do dhídeanaithe ón tSiria sa tír agus sa réigiún;

15. ag tabhairt dá haire gurb é cuspóir an chomhair Eorpaigh i gcúrsaí cosanta, an Eoraip agus a saoránaigh a choimeád níos sábháilte agus costais a laghdú trí shineirgí a chruthú; á thabhairt chun suntais go raibh tionchar mór ag cogadh na Rúise ar an gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC); ag cur béim ar a thábhachtaí atá sé tacaíocht airgeadais leormhaith ó na Ballstáit a chur ar fáil agus tríd an gCiste Eorpach Cosanta chun go mbunófaí Comhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) láidir go

háirithe misin shibhialtacha CBSC atá uaillmhianach agus éifeachtach agus oibríochtaí míleata CBSC agus chun slándáil agus uathriail straitéiseach an Aontais a mhéadú; á mheas go gcuirfeadh na hiarrachtaí sin le cumas an Aontais rannchuidiú leis an gcobhsaíocht, leis an tslándáil agus leis an tsíocháin idirnáisiúnta, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an dlí idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a urramú, i ndlúthchomhar leis na Náisiúin Aontaithe, le ECAT, le ESCE agus le na tíortha comhghuaillithe, nó más gá, as féin;

16. á chur in iúl gur geal léi go mór gur ghlac an Chomhairle cinneadh i mí an Mheithimh 2023 chun uasteorainn fhoriomlán airgeadais na Saoráide Eorpaí Síochána (EPF) a mhéadú EUR 3.5 bhilliún agus gurb ionann an uasteorainn fhoriomlán airgeadais anois agus EUR 12 bhilliún (i bpraghsanna reatha); ag tabhairt dá haire gur fhág an tSaoráid Eorpach Síochána (EPF) go raibh tacaíocht nach bhfacthas a leithéid riamh cheana ó Bhallstáit AE, lena n-áirítear seachadadh arm chuig an Úcráin;

17. á chur in iúl gur geal léi Saoráid nua-bheartaithe na hÚcráine agus an méid foriomlán atá beartaithe di, is é sin suas le EUR 50 billiún don tréimhse 2024 go 2027; á chur in iúl gur geal léi an coincheap atá aici pleananna atógála na hÚcráine a nascadh leis an bpróiseas aontachais agus á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndíreofar an cúnamh airgeadais atá ann cheana ar ár gcritéir le haghaidh aontachais; á aithint gur gá uirlisí tacaíochta airgeadais a chomhchuibhiú le go n-úsáidfear cúnamh ar bhealach níos éifeachtúla agus a chur i bhfeidhm go tapa; á chur i bhfios go láidir, ag an am céanna, nach mór raon feidhme Shaoráid na hÚcráine a ailíniú le sainchumais reachtacha, bhuiséadacha agus rialaithe na Parlaiminte;

18. á áitiú nach mór iarracht leanúnach a dhéanamh chun na huirlisí aontachais atá ann cheana a choigeartú agus chun bunús dlí IPA III a thógáil sa Mholdóiv agus san Úcráin; á chur i bhfios go láidir gur gá seasamh le hionchas réalaíoch aontachais don Úcráin agus don Mholdóiv; á chur in iúl gur geal léi an cúnamh leanúnach don tSeoirsia agus ag formheas na tacaíochta a thugtar i réimsí an bhainistithe airgeadais phoiblí agus an bhonneagair;

19. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá láithreacht AE san Afraic agus á chur i bhfáth nach mór infheictheacht chúnamh forbartha AE a fheabhsú ar leibhéal an rialtais agus ar leibhéal an phobail áitiúil araon i dtíortha comhpháirtíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhaíocht áitiúil a chur chun cinn, úinéireacht áitiúil ar thionscadail forbartha a spreagadh chun inbhuanaitheacht agus cuimsiú a áirithiú; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh éifeacht iolraitheora shocheacnamaíoch ar fud an domhain a bheith ag baint le húsáid Global Gateway agus beartas forbartha rannpháirtíochta mar chreat don chomhar ilsraithe;

20. á iarraidh ar an gCoimisiún dul i mbun iarrachtaí le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun idirphlé náisiúnta nua sa Túinéis a éascú; á mheabhrú go ngabhann coinníollacha le ICFCI-an Eoraip Dhomhanda agus le meabhráin tuisceana; ag tathant ar an gCoimisiún a áirithiú go n-urramófar iad agus go gcuirfear fionraí cistithe ábhartha i bhfeidhm i gcás nach gcomhlíonfar na coinníollacha sin;

21. á chreidiúint nach leordhóthanach tionscadail a chistiú atá dírithe ar mhná agus ar chailíní i limistéir choinbhleachta agus i limistéir atá buailte ag géarchéim, lena n-

áirítear ar fhoréigean inscnebhunaithe, coinbhleachtaí a chosc, mná a athneartú agus a chumasú, agus gur cheart é a neartú ar fud na réigiún geografach uile sa bhuiséad trí rannpháirtíocht fhóinteach geallsealbhóirí le linn an phróisis cistithe; á iarraidh go ndéanfaí cearta mhná agus chailíní na hAfganastáine a neartú tuilleadh agus, níos tábhachtaí fós, go mbeadh rochtain acu ar oideachas meánscoile agus ollscoile, lena n-áirítear trí scoláireachtaí AE chun staidéar a dhéanamh i scoileanna agus ollscoileanna i mBallstáit AE; á chreidiúint, go háirithe, gur féidir le tionscadail lena ndírítear ar chur i gcoinne na bréagaisnéise go gníomhach, go háirithe maidir leis na saincheisteanna sin, gníomhaíochtaí AE a neartú tuilleadh agus cabhrú le cobhsaíocht fhadtéarmach a bhunú;

22. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé aird a dhíriú ar an staid thromchúiseach san Afganastáin agus tacaíocht bhunriachtanach a áirithiú d'eagraíochtaí áitiúla agus idirnáisiúnta agus do dhaoine aonair atá ag cur cearta na mban agus na gcailíní chun cinn go gníomhach, agus soláthar seirbhísí poiblí bunriachtanacha amhail cúram sláinte agus oideachas á áirithiú ag an am céanna;

23. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil tuilleadh forbartha déanta ag an gCoimisiún ar mhodheolaíocht chun caiteachas a bhaineann le comhionannas inscne a rianú in CAI 2021-2027, ina mbreathnaítear ar cheapadh beartais agus ar leithdháileadh acmhainní agus go háirithe cur i láthair maidir le measúnaithe tionchair inscne ex-post ar leibhéal níos mionsonraithe agus tuairisciú ar mhéideanna; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú iomlánaíoch a dhéanamh ar thionchar inscne agus a éascú go mbeidh na sonraí ábhartha uile ar fáil don rianú;

24. á chur i bhfáth go bhfuil obair thábhachtach á déanamh ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir leis an daonlathas agus cearta an duine a chosaint, agus á iarraidh go gcuirfí cistiú breise ar fáil dá ngníomhaíochtaí, go háirithe iad siúd a bhaineann le cearta LADTIA+;

25. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil cosaint agus cur chun cinn chearta an duine ar fud an domhain fós ina mórábhar spéise do ghníomhaíochtaí seachtracha AE; á athdhearbhú go bhfuil gá le cistiú méadaithe atá tiomnaithe do thacaíocht a thabhairt do chearta an duine ar fud an domhain, go háirithe i gcás ina bhfuil spásanna sibhialta á ndúnadh, agus le béim ar leith ar chosantóirí chearta an duine agus iriseoirí a chosaint, go háirithe iad siúd is mó atá i mbaol; á iarraidh go mbeadh cistiú méadaithe ann chun acmhainneachtaí Thoscaireachtaí AE agus príomh-gheallsealbhóirí a neartú maidir le príomhbheartais phoiblí a cheapadh agus a chur chun feidhme;

26. á chreidiúint gur gá tacaíocht tríú tíortha sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide a mhéadú mar ábhar práinne; ag athdhearbhú a hiarrata go nglacfaí plean maoinithe AE do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna), ós rud é nach gcuirtear acmhainní leordhóthanacha ar fáil le Ceannteideal 6 de CAI do ghníomhaíocht sheachtrach AE chun cabhrú le tíortha comhpháirtíochta a straitéisí SDG a mhaoiniú; á chur i bhfáth gur cheart buiséad 2024 an Aontais a ailíniú le huaillmhianta an Aontais a bheith aeráidneodrach faoi 2050 ar a dhéanaí, chomh maith le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais, go háirithe Comhaontú Pháras agus Comhaontú Kunmin-Montreal;

27. á chur i bhfáth go bhfuil gá le hiarrachtaí leanúnacha chun go mbainfear spriocanna

príomhshruthaithe aeráide agus bithéagsúlachta amach a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 i mbuiséad an Aontais agus i gcaiteachas Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (IIA); á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí chun tuairisciú níos trédhearcaí agus níos cuimsithí a dhéanamh sna doiciméid bhuiséadacha chomh maith leis an suíomh gréasáin feidhmíochta, agus ag cur béim ar an ngá atá le meastóireachtaí ex-post leordhóthanacha a dhéanamh agus béim ar leith á leagan ar an tionchar; á iarraidh ar an gCoimisiún conclúidí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le caiteachas aeráide i mbuiséad 2014-2020 AE a chur san áireamh go cúramach chomh maith leis an iniúchadh feidhmíochta ó mhí na Samhna 2022;

28. á chur i bhfáth gur gá comhsheasmhacht a áirithiú idir cistiú na haeráide agus na bithéagsúlachta agus á iarraidh ar an gCoimisiún méideanna agus sciartha an chaiteachais a fhoilsiú a rannchuideoidh leis an dá sprioc in aghaidh an chláir agus an dréachtbhuiséad á thíolacadh aige; á mheabhrú go ndéantar an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ a phríomhshruthú i ngníomhaíochtaí uile an Aontais tríd an gcur chun feidhme buiséadach mar a comhaontaíodh sa IIA agus á chur i bhfáth, dá bhrí sin, go bhfuil géarghá lena áirithiú go n-urramófar an prionsabal ‘Gan Dochar Suntasach a Dhéanamh’ tríd an mbuiséad iomlán i ngach ceann de na sé ghné, agus na bearta ceartaitheacha is gá a dhéanamh más gá agus nuair is gá gan moill mhíchuí;

29. ag meabhrú mholadh Pharlaimint na hEorpa an 15 Márta 2023 maidir le feidhmiú SEGS agus seasamh an Aontais ar an leibhéal domhanda a neartú, go háirithe a hiarraidh go gcuirfí acmhainní leormhaithe ar fáil do SEGS; á iarraidh, dá bharr sin, go méadófaí 35 phost sa phlean bunaíochta, agus déanfaidh SEGS nósanna imeachta earcaíochta spriocdhírithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus aird á tabhairt go háirithe ar ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht faoi láthair ó thaobh na cothromaíochta geografaí, na hinscne agus na mionlach de;

30. á iarraidh go dtabharfaí aird ar leith ar shábháilteacht núicléach agus ullmhacht do thubaistí i bhfianaise chogadh foghach na Rúise san Úcráin agus imní faoi shábháilteacht Ghléasra Cumhachta Núicléiche Zaporizhzhia (NPP), chomh maith le mainneachtain leanúnach réimeas Lukashenka sábháilteacht núicléach NPP na Bealarúise a áirithiú in Astravyets;

31. á chreidiúint go láidir go bhfuil gá le neartú suntasach ar chabhair dhaonnúil, a bhfuil cuspóirí soiléire ag gabháil léi ó thaobh an smachta reachta agus an rialachais de, chun go mbeidh an tAontas in ann freagairt do ghéarchéimeanna atá ag teacht chun cinn agus, dá bhrí sin, go méadaítear an líne bhuiséid sin le EUR 1 bhilliún chun aghaidh a thabhairt go fóinteach ar leibhéal na riachtanas daonnúil nach bhfacthas a leithéid riamh cheana ar fud an domhain, ar leibhéal é atá níos measa fós mar gheall ar chogadh na hÚcráine agus a iarmhairtí eacnamaíocha domhanda, go háirithe ó thaobh neamhshlándáil an tsoláthair bia de; á thabhairt chun suntais gur féidir cistí ón gCúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála (SEAR) a shlógadh le haghaidh géarchéimeanna lasmuigh den Aontas le linn na bliana airgeadais ar fad.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 20.9.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 49<br>–: 6<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alviina Alametsä, Alexander Alexandrov Yordanov, Traian Băsescu, Anna Bonfrisco, Reinhard Bütikofer, Włodzimierz Cimoszewicz, Katalin Cseh, Michael Gahler, Giorgos Georgiou, Sunčana Glavak, Raphaël Glucksmann, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Dietmar Köster, Andrius Kubilius, David Lega, Miriam Lexmann, Nathalie Loiseau, Leopoldo López Gil, Antonio López-Istúriz White, Thierry Mariani, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Alessandra Moretti, Javier Nart, Matjaž Nemec, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Manu Pineda, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Mounir Satouri, Andreas Schieder, Jordi Solé, Hermann Tertsch, Hilde Vautmans, Anders Vistisen, Viola von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz, Isabel Wiseler-Lima, Željana Zovko |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Vladimír Bilčík, Angel Dzhambazki, Andrey Kovatchev, Georgios Kyrtsos, Carina Ohlsson, Juozas Olekas, Nikos Papandreou, Mick Wallace, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Gheorghe Falcă, Dace Melbārde, Jan-Christoph Oetjen, Juan Ignacio Zoido Álvarez |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 49 | + |
|---|---|
| ID | Anna Bonfrisco |
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Traian Băsescu, Vladimír Bilčík, Gheorghe Falcă, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Andrey Kovatchev, Andrius Kubilius, David Lega, Miriam Lexmann, Leopoldo López Gil, Antonio López-Istúriz White, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Dace Melbārde, Isabel Wiseler-Lima, Javier Zarzalejos, Juan Ignacio Zoido Álvarez, Željana Zovko |
| Renew | Katalin Cseh, Klemen Grošelj, Bernard Guetta, Georgios Kyrtsos, Nathalie Loiseau, Javier Nart, Jan-Christoph Oetjen, Hilde Vautmans |
| S&D | Włodzimierz Cimoszewicz, Raphaël Glucksmann, Dietmar Köster, Sven Mikser, Alessandra Moretti, Matjaž Nemec, Carina Ohlsson, Juozas Olekas, Demetris Papadakis, Nikos Papandreou, Tonino Picula, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Andreas Schieder |
| Verts/ALE | Alviina Alametsä, Reinhard Bütikofer, Mounir Satouri, Jordi Solé, Viola von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz |

| 6 | - |
|---|---|
| ID | Thierry Mariani, Anders Vistisen |
| NI | Kostas Papadakis |
| The Left | Giorgos Georgiou, Manu Pineda, Mick Wallace |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ECR | Angel Dzhambazki, Hermann Tertsch |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh